C/2024/4505

11.7.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/4505)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Gaziantep Menengiç Kahvesi / Gaziantep Melengiç Kahvesi’

Uimh. AE: PDO-TR-02661 — 25.2.2021

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

‘Gaziantep Menengiç Kahvesi / Gaziantep Melengiç Kahvesi’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.8. Táirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is ionadach caife é ‘Gaziantep Menengiç Kahvesi / Gaziantep Melengiç Kahvesi’ a tháirgtear trí shíolta an chrainn tuirpinte (*Pistacia terebinthus L.*) a fhásann i réigiúin shléibhtiúla chúige Gaziantep a róstadh agus a mheilt. Tá an crann tuirpinte dúchasach don limistéar geografach agus fásann sé fiáin i réigiúin sléibhtiúla. Tugtar ‘menengiç’ nó ‘melengiç’ ar shíolta *P. terebinthus* sa Tuirc. Tá cion ard ola i dtorthaí menengiç/melengiç a fhástar i gcúige Gaziantep, agus tá an luach aigéid shailligh atá acu sa raon 44-56 %. Tá luach aigéid oiléach sa raon 53-68 %. Ní chuirtear aon táirge ná aon bhreiseán leis an táirge atá cosúil le taos a fhaightear trí na torthaí a bhailítear ón mbrainse a thriomú, a róstadh agus a mheilt. Fástar na torthaí sa limistéar geografach sin, agus is éard atá sa mhéid seo a leanas neasairíonna fisiciceimiceacha de chuid an táirge deiridh a fhaightear ó na torthaí sin.

Airíonna Fisiceimiceacha	Luach
Ola	44–56 %
Uisce	5–6 %
Próitéin	18–20 %
Luaith	3–3,5 %
Siúcra	6–6,5 %
Snáithín	2–2,5 %

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Ba cheart slaodacht an táirge eastósctha a bheith 1 (cP) ar a laghad; níor cheart níos mó ná 45 % de mhéid iomlán na gcáithníní a bheith os cionn 20-25 µm. Ós rud é go bhfuil sé go leor ola ann, is féidir sraith ola a fheiceáil ar dhromchla an táirge. Is táirge atá cosúil le taos é 'Gaziantep Menengiç Kahvesi / Gaziantep Melengiç Kahvesi' a bhfuil cion ard saille ann. Déantar an táirge aonchineálach trína mheascadh sula n-úsáidtear é. Tá struchtúr garbh agus cosúil le taos ag an táirge, agus tá dath donn dorcha agus dea-bholadh cosúil le piostáisí air.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is ó shíolta menengiç a bhailítear ó chrainn menengiç/melengiç a fhásann go nádúrtha in Gaziantep a tháirgtear 'Gaziantep Menengiç Kahvesi / Gaziantep Melengiç Kahvesi' .

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim den táirgeadh, lena n-áirítear fás, buaint amhábhair, níochán, glantachán, agus róstadh agus meilt an táirge a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tá sráidbhailte agus bailte uile chúige Gaziantep, atá suite in oirdheisceart na Tuirce, mar chuid den limistéar geografach.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá Cúige Gaziantep lonnaithe idir an Mheánmhuir agus réigiún Oirdheisceart na hAnatóile. Tá sé suite idir domhanfhaid 36° 28' agus 38° 01' soir agus domhanleithid 36° 38' agus 37° 32' ó thuaidh. Bíonn solas na gréine ann ar fud an limistéir níos mó ná 200 lá in aghaidh na bliana ar an meán. Mar gheall ar na huaireanta fada de sholas an lae i rith shéasúr an tsamhraidh faigheann na páirceanna níos mó radaíochta gréine, rud a mhéadaíonn na teochtaí. Tá talamh garbh coitianta sa cheantar. Is fearr le crainn tuirpinte limistéir creagach díghrádaithe 600-1 500 m os cionn leibhéal na farraige agus déanann siad timpeallachtaí níos fuaire agus timpeallachtaí tuaisceartacha a sheachaint. Tá an crann dúchasach don Áise agus don Mheánmhuir, tá sé coitianta go háirithe i ndeisceart na Tuirce agus tá sé ar cheann de na táirgí nach táirgí adhmaid iad is tábhachtaí sa réigiún. Déanann an méid ard gréine sa réigiún difear do chomhdhéanamh ola shailligh na síolta, agus méadaítear an cion ola agus luach aigéid shailligh. Leis an méadú ar an gcion ola agus ar chomhpháirteanna aigéid shailligh, méadaítear blas an táirge.

Tosca daonna

Úsáidtear síolta an chrainn tuirpinte chun ionadach caife menengiç /melengiç a dhéanamh sa réigiún ó bhí na 1600í ann. Deirtear go minic gur fhan Murad IV in Gaziantep le linn Fheachtas Bagdad Impireacht na nOtamánach, gur tairgeadh 'Gaziantep Menengiç Kahvesi / Gaziantep Melengiç Kahvesi' dó, agus gur thaitin sé leis.

Tá máistreacht ag teastáil ón gcéim rósta sa táirgeadh. Is scil riachtanach do tháirgeoirí é síolta a róstadh ag an leibhéal ceart, rud a fhágann nach mbíonn aon bholadh neamh-inmhianaithe ann. Déantar síolta Menengiç a róstadh go cúramach trína meascadh go dtí go n-éiríonn siad donn. Tá róstadh iomarcach neamh-inmhianaithe toisc go bhfágann sé blas searbh ar na comhpháirteanna aigéid shailligh. Tá máistreacht shonrach ag táirgeoirí áitiúla maidir leis na síolta a róstadh chun an dea-bholadh ceart a fháil.

Sainiúlacht an táirge

Tagann dea-bholadh agus blas an táirge ó chion ard ola na síolta tuirpinte a fhástar in Gaziantep. Tá blas piostáise éadrom ar an táirge.

Nasc cúisíoch

Faightear 'Gaziantep Menengiç Kahvesi / Gaziantep Melengiç Kahvesi' ó shíolta na gcrann tuirpinte a fhástar in Gaziantep, crann atá dúchasach sa réigiún. Tá leibhéil aigéid oiléaigh níos airde sna síolta menengiç/melengiç a fhástar in Gaziantep i gcomparáid le réigiúin eile mar gheall ar shuíomh geografach an chúige a mbíonn a lán gréine ann.

Soláthraíonn aeráid an chúige na dálaí fáis is fearr le haghaidh crainn menengiç/melengiç agus bíonn táirgeachtaí arda ann dá bharr. Is le fada an lá atá síolta an chrainn tuirpinte á n-ól mar ionadach caife menengiç/melengiç i réigiún Gaziantep.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

Chláraigh Oifig Paitinne agus Trádmharcanna na Tuirce 'Gaziantep Menengiç Kahvesi / Gaziantep Melengiç Kahvesi' i bhFeasachán Uimh. 93 dar dáta 15.1.2021, leathanaigh 51 agus 52.